



An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



Litir chuig an Aire Spóirt & Corpoideachais

EOCHAIRFHOGHLAIM:

Tá a lán buntáistí oideachasúla do na daltaí ag baint le litir a scríobh chuig an Aire Spóirt & Corpoideachais: Spreagtar na daltaí le bheith ag smaoineamh go criticiúil faoi na saincheistanna a théann i bhfeidhm ar a n-oideachas agus a gcuid smaointe a chur in iúl ar bhealach soiléir. Cuireann sé le scileanna scríbhneoireachta, lena n-áirítear struchtúr a chur ar argóintí, teanga áititheach a úsáid, agus smaointe a chur in iúl ar bhealach éifeachtach. Cothaíonn sé freagracht saoránaigh agus rannpháirtíocht, rud a chabhraíonn le daltaí tuiscint a fháil ar conas ar féidir leo tionchar a imirt ar bheartas poiblí. Is minic a bhíonn ar na daltaí miontaighde a dhéanamh ar an ábhar, rud a fheabhsaíonn a gcumas chun eolas a bhailiú agus a anailísiú. Trí litir a scríobh, cabhraítear le daltaí smaoineamh faoi dhearcthaí éagsúla agus tuiscint a fháil ar an tionchar níos leithne a bhíonn ag beartais oideachais.

CUSPÓIR NA GNÍOMHAÍOCHTA:

Scríobhann daltaí litir chuig an Aire Spóirt & Corpoideachais le cur ina luí air go bhfuil níos mó ná 60 nóiméad de Chorpoideachas in aghaidh na seachtaine ag teastáil uainn i mbunscoileanna in Éirinn. Ba cheart do dhaltaí liosta de na fáthanna a bhfuil spóirt/gníomhaíocht choirp tábhachtach a chur san áireamh.

CAD ATÁ DE DHÍTH:

- An teimpléad litreach thíos – nó bain úsáid as do pháipéar féin
- Clúdach litreach
- Stampa

TREORACHA:

1. Déanann daltaí a machnamh agus déanann siad taighde ar na fáthanna a bhfuil níos mó ná 60 nóiméad de Chorpoideachas in aghaidh na seachtaine ag teastáil uathu ar scoil
2. Bailíonn daltaí a gcuid smaointe agus scríobhann siad litir chuig an Aire Oideachais, ag míniú a réasúnaíochta.
3. Ná déan dearmad na rudaí seo a leanas a chur san áireamh: D'ainm, d'aois, do scoil, agus seoladh na scoile.
4. s féidir le daltaí a litreacha a léamh os comhair an ranga agus iad a chur chuig an Aire agus chuig an Aire Stáit:

An tAire Spóirt & Corpoideachais

23 Sráid Chill Dara, Baile Átha Cliath 2, D02 TD30
Ríomhphost: airestait@tcagsm.gov.ie



Taispeáin & Inis

Uaslódáil íomhánna de na daltaí ag caitheamh a gcuid bláthfhleasc gaisce ar ár nGailearaí Creid Ionat Féin.

An tAire Spóirt & Corpoideachais
23 Sráid Chill Dara,
Baile Átha Cliath 2,
D02 TD30

Ainm na Scoile

Seoladh

A chara,

Dáta

Le dea-ghuí,

Ainm, Aois, Contae